# Ceadúnas Geallghlacadóra

**Na hAchtanna um Gheall-Chur 1931 go 2015**

## Iarratas

**Léigh na nótaí thall sula líonann tú isteach an fhoirm**
**Comhlánaigh i mBloclitreacha**
**NÁ cuir isteach aon íocaíocht leis an iarratas seo**

**Ainm an Iarratasóra:**
Cuir isteach ainm iarratasóir an cheadúnais (Beidh na sonraí sin le feiceáil ar an gCeadúnas).

**Uimhir Thagartha Cánach:**
Cuir isteach Uimhir Thagartha Cánach iarratasóir an cheadúnais atá ainmnithe thuas.

**Dáta:** / /
Cuir isteach an dáta a gcaithfidh éifeacht* a bheith leis an gceadúnas.
*Ní bheidh an dáta níos mó ná 21 lá tar éis an dáta a ndéantar an t-iarratas, nó 1 Nollaig ina dhiaidh sin, cibé acu is túisce a thiocfaidh.

**Seoladh Gnó:**
Cuir isteach seoladh na Príomhoifige nó Áit Ghnó an iarratasóra.

**Ainm agus Seoladh Poist:**
Cuir isteach an seoladh ag a mbíonn gnáthchónaí ar an iarratasóir má tá sé difriúil ón Seoladh Gnó thuas.

**Seoladh Ríomhphoist:**
Cuir isteach seoladh teagmhála ríomhphoist an iarratasóra.

**Ainm Trádála:**
Más infheidhme, sonraigh an t-ainm trádála atá sé i gceist ag an iarratasóir a úsáid.

**Seoladh an Áitribh:**
Cuir isteach an seoladh ag a bhfuil sé i gceist ag an iarratasóir gnó na geallghlacadóireachta a dhéanamh.

**Rochtain Custaiméara:**
Ba cheart d'iarratasóirí a bhfuil sé i gceist acu bealaí cianda* a úsáid na hardáin ar fad ina bhfeidhmeoidh siad sa stát a chur in iúl.
*Ciallaíonn cianda cumarsáid tríd aon mhodh cumarsáide lena n-áirítear an t-idirlíon, teileafón agus aon fhoirm teileagrafaíochta, bíodh sé gan sreang nó ar shlí eile.

**Líon na nDeimhnithe Oiriúnachta Pearsanta atá Ceangailte**

Ní mór d'iarratasóirí aonair an méid thíos a chomhlánú maidir lena nDeimhniú Oiriúnachta Pearsanta nó, maidir le hiarratasóirí corparáideacha, liosta a dhéanamh de na hoifigigh ábhartha go léir dár eisíodh Deimhniú Oiriúnachta Pearsanta.

| Ainm | Seoladh | UPSP* |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

*Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí

## Dearbhú:

**Dearbhaím gurb é an duine(daoine)/aonán atá ainmnithe thuas an t-aonán trádála reatha agus déanaim leis seo iarratas ar an gceadúnas a bhfuil cur síos air thuas.**

**Síniú:** ______________________ **Dáta:** ______________

**Post:** ______________________ **Uimh. Theil.:** ______________

Stiúrthóir, Rúnaí, srl.

RPC017670_GA_WB_L_3

## NÓTAÍ

*Beidh ar gheallghlacadóirí a dhéanann **Gnó Cianda Ceadúnas Geallghlacadóra Cianda** ar leithligh a fháil mura ndéanann sealbhóir an Cheadúnais Geallghlacadóra gníomhaíocht chianda agus **nach mó luach na ngeallta sin go léir i rith na bliana lena mbaineann ná €250,000 nó 10% de láimhdeachas an Gheallghlacadóra ceadúnaithe sa bhliain sin.**

**Doiciméid Riachtanacha**

1. Deimhniú(ithe) Oiriúnachta Pearsanta
2. Imréiteach Cánach

**Deimhniú(ithe) Oiriúnachta Pearsanta**

Ní mór d'iarratasóir agus i gcás iarratasóra ar comhlacht corparáideach é, ní mór do gach Oifigeach Iomchuí den iarratasóir, a bhfuil gnáthchónaí air in Éirinn, a Dheimhniú(ithe) Oiriúnachta Pearsanta a chur isteach arna eisiúint ag Ceannfort an Gharda Síochána don cheantar ina bhfuil gnáthchónaí air, nó, i gcás ina ndéanann an t-iarratasóir gnó nó go bhfuil sé i gceist aige gnó geallghlacadóra a dhéanamh ó áitreabh áirithe, chuig Ceannfort an Gharda Síochána don cheantar ina bhfuil an t-áitreabh lonnaithe nó ina bhfuil sé i gceist é a lonnú.

Ní mór d'iarratasóir agus i gcás iarratasóra ar comhlacht corparáideach é, ní mór do gach Oifigeach Iomchuí den iarratasóir, nach bhfuil gnáthchónaí air in Éirinn, a Dheimhniú(ithe) Oiriúnachta Pearsanta a chur isteach arna eisiúint ag an Aire Dlí agus Cirt.

**Nótaí:** ní mór an t-iarratas ar cheadúnas a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim taobh istigh de 21 lá ó eisíonn Ceannfort an Gharda nó an tAire Dlí agus Cirt an Deimhniú(ithe) Oiriúnachta Pearsanta iomchuí agus ní mór na deimhnithe iomchuí go léir a bheith ag gabháil leis.

Tá Faisnéis maidir le Deimhniú(ithe) Oiriúnachta Pearsanta agus conas iarratas a dhéanamh orthu ar fáil ar shuíomh Gréasáin **na Roinne Dlí agus Cirt**.

**Imréiteach Cánach**

Beidh Deimhniú Imréiteach Cánach bailí in ainm an iarratasóra, agus i gcás iarratasóra ar comhlacht corparáideach é, gach Oifigeach Iomchuí den iarratas, ag teastáil chun an Ceadúnas a ghlacadh.

Ní gá deimhnithe a chur isteach. Deimhneoidh córais uathoibrithe na gCoimisinéirí Ioncaim go bhfuil na Deimhnithe Imréiteach Cánach i gceart.

**An próiseas iarratais:**

1. Ba cheart Deimhniú(ithe) Oiriúnachta Pearsanta agus foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur isteach ar ríomhphost chuig **an Oifig Náisiúnta Ceadúnais Mháil.** Cláraigh le haghaidh **M'Fhiosruithe** le do thoil ar **www.revenue.ie**
2. Nuair a dhéantar an t-iarratas a phróiseáil, gheobhaidh iarratasóirí Fógra Iarratais ón Oifig Náisiúnta Ceadúnais Mháil chun an próiseas iarratais ar líne a chomhlánú ag úsáid Seirbhís Ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (**ROS**). Chun sonraí a fháil tabhair cuairt ar shuíomh Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim ag **www.revenue.ie** nó cuir glaoch ar Líne Chabhrach ROS: 01 738 3699. Iarrfar ar iarratasóirí freisin tabhairt le fios cibé an bhfuil siad ag íoc amach in iomlán nó ag baint leasa as an socrú tráthchodanna. Má tá sé ag íoc i dtráthchodanna, gheobhaidh an t-iarratasóir fógra ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an dara tráthchuid a íoc thart ar 3 seachtaine sula mbeidh an íocaíocht sin dlite.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag an nasc seo a leanas:
**https://www.revenue.ie/ga/companies-and-charities/excise-and-licences/excise-licensing/bookmakers-licence/index.aspx**

**An Oifig Náisiúnta Ceadúnais Máil**
**Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim**
**Stiúrthóir Sráid Áine**
**Loch Garman**
**Y35 E29K**

**Déan teagmháil linn:**
**01 738 3640 (sa Stát)**
**+353 1 702 3030 (taobh amuigh den Stát)**
**exciselicences@revenue.ie**
**www.revenue.ie**

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs